An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ



2 Bealtaine 2018

# AN TSLÁNDÁIL

## CÉN FÁTH A BHFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?


Ar cheann de na cearta is bunúsaí agus is uilíche dá bhfuil ann tá an ceart a bheith ag an duine mothú go bhfuil sé slán sábháilte agus saor ó chontúirt. Ón gcéad lá amach, dá bhrí sin, bhí an tslándáil ina príomhthosaíocht ag Coimisiún Juncker. Ach le blianta beaga anuas, tá an baol don tslándáil ag athrú. D'oibrigh na Ballstáit as lámh a chéile roimhe seo chun déileáil go héifeachtach leis na bagairtí éagsúla atá ann don tslándáil, e.g. cineálacha nua ionsaithe sceimhlitheoireachta, an radacú, cineálacha nua coireanna eagraithe agus bagairtí cibearshlándála. Is gá do na Ballstáit leanúint den chomhobair sin amach anseo.

Ní stopann bagairtí slándála ag teorainneacha agus tá siad ag éirí níos idirnáisiúnta de réir a chéile. Fágann castacht na ndúshlán sin nach féidir le haon Bhallstát amháin iad a shárú leis féin agus nár cheart iallach a chur ar aon Bhallstát a leithéid a dhéanamh. Ní mór do bhuiséad an Aontais Eorpaigh a bheith ina thaca ag na Ballstáit agus iad ag comhlíonadh a bhfreagrachtaí maidir le muintir na hEorpa a choinneáil slán sábháilte.

## CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

Déanfar buiséad na slándála agus na cosanta a neartú go mór, go **€27.5 billiún** ar an iomlán, agus beidh **€4.8 billiún** den mhéid sin dírithe go sonrach ar an tslándáil.

**Mórathrú ar an tslándáil agus ar an gcosaint**




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach
Nóta: I gcomparáid le Creat Airgeadais Ilbhliantúil AE-27 (meastachán)

## GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN GCOIMISIÚN

- **Ciste Slándála Inmheánaí atá méadaithe** go mór – go **€2.5 billiún** – a chuirfidh leis an leibhéal ard slándála san Aontas Eorpach trí dhéileáil leis an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht eagraithe agus an chibearshlándáil agus trí chúnamh agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh coireanna. Fágfaidh an Ciste go ndéanfar breis faisnéise a mhalartú idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, go mbeidh córais faisnéise AE níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ann agus go mbeidh breis comhair, ullmhachta agus buanseasmhachta ann ar leibhéal an Aontais a bhuí leis an tacaíocht a thabharfar d'oibríochtaí comhpháirteacha agus don oiliúint. Beidh an Ciste Slándála Inmheánaí méadaithe ina chabhair ag na Ballstáit chun Cúnamh Éigeandála a chur ar fáil go mear le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna.
- Neartú **EUROPOL** – **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí**. Beidh buiséad nua an Aontais Eorpaigh ina thaca ag Europol agus é ag cur le hobair na n-údarás náisiúnta agus beidh sé in ann tabhairt faoi bhagairtí slándála ar leibhéal Eorpach ar shlí níos éifeachtaí agus níos cumhachtaí.
- Leanfar den mhaoiniú spriocdhírithe a thugtar le haghaidh **dhíchoimisiúnú sábháilte gníomhaíochtaí núicléacha** i roinnt Ballstát (an Liotuáin, an Bhulgáir agus an tSlóvaic).

## CAÍONNA EILE A NDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

- Is féidir leas a bhaint as infheistíochtaí faoin m**Beartas Comhtháthaithe** chun cur leis an tslándáil, mar shampla i réimsí ar nós an iompair agus an fhuinnimh ar gá bonneagar slán sábháilte a bheith ann dóibh.
- Cláir ábhartha atá dírithe ar na teicneolaíochtaí digiteacha, ar bhonneagar agus ar líonraí, nó trí thaighde agus nuálaíocht, cabhróidh na cláir sin le hiarrachtaí an Aontais an chibearshlándáil a neartú, go háirithe tríd an g**Clár don Eoraip Dhigiteach** agus an clár Fís Eorpach.

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

| 02/05 2018 | 13/06 2018 | 28-29/ 06/2018 | 12/09 2018 | 18-19/ 10/2018 | 13-14/ 12/2018 | 21-22/ 03/2019 | 09/05 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020** | **Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais** | An Chomhairle Eorpach | **Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais** | An Chomhairle Eorpach | An Chomhairle Eorpach | An Chomhairle Eorpach | Cruinniú Mullaigh Sibiu |

Print ISBN 978-92-79-84692-2 doi:10.2775/478968 NA-02-18-464-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84668-7 doi:10.2775/263839 NA-02-18-464-GA-N